Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14129/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0238(NLE)**

**ACP 96**
**FIN 857**
**PTOM 11**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 433 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 433 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 433 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.10.2024
COM(2024) 433 final

2024/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an togra:

– Uasteorainn na ranníocaíochtaí le haghaidh 2026;

– Méid bliantúil na ranníocaíochtaí le haghaidh 2025;

– Méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2025;

– Réamhaisnéis neamhcheangailteach le haghaidh méideanna bliantúla na ranníocaíochtaí a mheastar a bheidh ann le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028.

Bainistítear an 11ú CEF agus cistí eile CEF atá fós oscailte (an 9ú agus an 10ú CEF) faoin tacar rialacha seo a leanas:

(a) An Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis[1] (‘Comhaontú Inmheánach’ an 11ú CEF);

(b) Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[2] (‘Rialachán Airgeadais an 11ú CEF’).

(c) Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[3];

(d) Cinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle[4] a bhaineann le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Is éard atá sna doiciméid dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) gealltanais ilbhliantúla ó na páirtithe chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do chisteán CEF. Déantar foráil i Rialachán Airgeadais an 11ú CEF maidir le ranníocaíochtaí tráthrialta atá le déanamh ag na páirtithe le cisteán CEF in aghaidh gealltanais airgeadais réamhchinntithe. Is de bharr Cinntí teicniúla ón gComhairle a dhéantar na ranníocaíochtaí tráthrialta, agus cuirtear san áireamh sna Cinntí sin cur chun feidhme na ngealltanas airgeadais a cinneadh cheana.

Dá bhrí sin, níl roinnt ceannteideal sa mheabhrán míniúcháin infheidhme maidir le glaonna ar ranníocaíochtaí tráthrialta amhail an ceann seo.

1 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.
2 IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1-21
3 IO L 437, 28.12.2020, lgh. 188-191
4 IO L 188 an 15.7.2022, lch. 147

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le hAirteagal 19(2) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin togra seo faoin 15 Samhain 2024 ar a dhéanaí.

2024/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis[5], agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle[6] an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[7], agus go háirithe Airteagal 19(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI') le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(2) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, tá an Coimisiún le togra a thíolacadh faoin 15 Deireadh Fómhair 2024 lena sonrófar uasteorainn na ranníocaíochta le haghaidh 2026, méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, le glaonna ar ranníocaíochtaí ídeofar ar dtús na méideanna dá bhforáiltear sna Cistí Eorpacha Forbraíochta ('CEF') a bhí ann roimh an gCiste is deireanaí. Ba cheart, dá bhrí sin,

[5] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
[6] IO L 307, 3.12.2018, lch. 1
[7] IO L 58, 3.3.2015, lgh. 17-38

glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh BEI agus le haghaidh an Choimisiúin.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí in CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den chomhaontú um tharraingt siar, ní athúsáidfear sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF, i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020, nó faoi CEFanna roimhe sin.

(5) Le Cinneadh (AE) 2023/2586 ón gComhairle[8], socraítear uasteorainn mhéid bliantúil na ranníocaíochta a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2025 ag EUR 800 000 000[9] don Choimisiún agus ag EUR 9 000 000 don Bhanc Eorpach Infheistíochta.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo ag EUR 700 000 000 don Choimisiún méid bliantúil na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh 2026.

*Airteagal 2*

Socraítear leis seo méid bliantúil na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh 2025 ag EUR 809 000 000. Íocfar é mar a leanas:

(a) le haghaidh an Choimisiúin, EUR 800 000 000 agus

(b) le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), EUR 9 000 000.

*Airteagal 3*

Socraítear leis seo ag EUR 359 000 000 méid bliantúil na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an chéad tráthchuid le haghaidh 2025. Íocfar é mar a leanas:

---

8 CINNEADH (AE) 2023/2586 ÓN gCOMHAIRLE an 13 Samhain 2023 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2025, an méid bliantúil le haghaidh 2024, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2024 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027.

9 Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1), Airteagal 20(5): 'I gcás ina gcuirtear ús diúltach i bhfeidhm maidir leis an gcuntas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar a dhéanaí ar dháta íoctha gach tráthchoda dá dtagraítear in Airteagal 19, méid a chur chun sochair don chuntas, méid a chomhfhreagraíonn do mhéid an úis dhiúltaigh sin a cuireadh i bhfeidhm go dtí an chéad lá den mhí roimh íoc na tráthchoda.'

(a) le haghaidh an Choimisiúin, EUR 350 000 000 agus

(b) le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), EUR 9 000 000.

*Airteagal 4*

Déanfar méid EUR 6 300 000 de chistí nár gealladh nó de chistí saortha ó thionscadail faoin Naoú CEF a aisíoc trí laghdú a dhéanamh ar mhéid na híocaíochta i leith na chéad tráthchoda le haghaidh 2025, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 3.

*Airteagal 5*

Maidir leis an réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca le méid bliantúil na ranníocaíochtaí a mheastar a dhéanfar le haghaidh 2027, socraítear leis seo í ag EUR 500 000 000 don Choimisiún. Maidir leis an réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca le méid bliantúil na ranníocaíochtaí a mheastar a dhéanfar le haghaidh 2028, socraítear leis seo í ag EUR 400 000 000 don Choimisiún.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*